2024/354

23.1.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/354 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Eanáir 2024

maidir le caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le suiteálacha cábla-bhealaigh a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2016/424 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoracha 89/686/CEE agus 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2016/424 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), fochórais agus comhpháirteanna sábháilteachta le haghaidh suiteálacha cábla-bhealaigh atá i gcomhréir leis na caighdeáin chomhchuibhithe, ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, nó le codanna de na caighdeáin sin, glactar leis go bhfuil siad i gcomhréir leis na buncheanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin, ceanglais a chumhdaítear leis na caighdeáin sin nó na codanna sin díobh.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 5065 ([3]), rinne an Coimisiún iarraidh ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) go ndéanfaí athbhreithniú ar na caighdeáin chomhchuibhithe a bhí ann cheana agus go dtabharfaí chun críche an obair ar dhréachtchaighdeáin chomhchuibhithe chun tacú le Rialachán (AE) 2016/424.

(3) Ar bhonn na hiarrata a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 5065, rinne CEN athbhreithniú ar na caighdeáin seo a leanas maidir le ceanglais sábháilteachta le haghaidh suiteálacha cábla-bhealaigh atá ceaptha chun daoine a iompar: EN 12929-1, EN 12929-2, EN 13796-2 agus EN 13796-3. Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh na caighdeáin leasaitheacha seo a leanas: EN 12929-1:2015+A1:2022, EN 12929-2:2015+A1:2022, EN 13796-2:2017+A1:2022 agus EN 13796-3:2017+A1:2022. Rinne CEN athbhreithniú freisin ar chaighdeán EN 13223:2015, caighdeán a bhfuil an tagairt dó san áireamh i dTeachtaireacht 2018/C 114/04 ón gCoimisiún ([4]). Dá thoradh sin, glacadh caighdeán leasaitheach EN 13223:2015/A1:2022.

(4) Rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar le CEN féachaint an gcomhlíonann na caighdeáin sin an iarraidh a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 5065.

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj.?locale=ga.

([2]) Rialachán (AE) 2016/424 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le suiteálacha cábla-bhealaigh agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/9/CE (IO L 81, 31.3.2016, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2016/424/oj?locale=ga).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 5065 final ón gCoimisiún an 2 Lúnasa 2023 maidir leis an iarraidh ar chaighdeánú chuig an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú a mhéid a bhaineann le suiteálacha cábla-bhealaigh chun tacú le Rialachán (AE) 2016/424 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

([4]) Teachtaireacht ón gCoimisiún faoi chuimsiú chur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/424 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le suiteálacha cábla-bhealaigh, agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/9/CE (Foilsiú theidil na gcaighdeán comhchuibhithe agus foilsiú na dtagairtí do na caighdeáin sin faoi reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais) (IO C 114, 28.3.2018, lch. 7).

(5) Comhlíonann na caighdeáin sin na ceanglais is aidhm dóibh a chumhdach agus a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/424. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí do na caighdeáin sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ós rud é go dtagraíonn caighdeán EN 12929-2:2015+A1:2022 do thagairtí normatacha gan dáta, ba cheart é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maille le srian.

(6) Tá caighdeán EN 13223:2015+A1:2022 le cur in ionad chaighdeán EN 13223:2015. Dá bhrí sin, an tagairt do chaighdeán EN 13223:2015, is gá í a tharraingt siar ó *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(7) Chun a ndóthain ama a thabhairt do mhonaróirí a gcuid táirgí a oiriúnú do leagan athbhreithnithe chaighdeán comhchuibhithe EN 13223:2015, is gá tarraingt siar na tagartha don chaighdeán sin a chur siar.

(8) Na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2016/424, foilsíodh iad i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1923 ón gCoimisiún ([5]) agus i dTeachtaireacht 2018/C 114/04. Ar mhaithe le soiléireacht agus le réasúnaíocht, na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2016/424 agus a chomhlíonann na ceanglais is aidhm dóibh a chumhdach, ba cheart liosta iomlán de na tagairtí sin a fhoilsiú in aon ghníomh dlí amháin.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe a foilsíodh i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1923 agus i dTeachtaireacht 2018/C 114/04 a fhoilsiú in Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo agus ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1923 agus Teachtaireacht 2018/C 114/04 araon a aisghairm.

(10) Mar sin féin, ba cheart feidhm a bheith ag Teachtaireacht 2018/C 114/04 fós maidir leis an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe EN 13223:2015 go dtí an dáta a tharraingeofar siar an tagairt sin.

(11) Is éard a thugtar le fios le caighdeán comhchuibhithe a chomhlíonadh go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na ceanglais riachtanacha chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais ón dáta a fhoilsítear an tagairt don chaighdeán sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Dá bhrí sin, ba cheart don Chinneadh seo teacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe le haghaidh suiteálacha cábla-bhealaigh, caighdeáin arna ndréachtú chun tacú le Rialachán (AE) 2016/424, a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo, foilsítear na tagairtí sin leis seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Na tagairtí a liostaítear i rónna 1, 6, 8 agus 16 den Iarscríbhinn sin, foilsítear iad maille le srian.

Airteagal 2

Aisghairtear Teachtaireacht 2018/C 114/04.

Beidh feidhm aici go fóill, áfach, i ndáil leis an tagairt don chaighdeán comhchuibhithe a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo go dtí an dáta a tharraingeofar siar an tagairt sin a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 3

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1923.

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1923 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2019 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le suiteálacha cábla-bhealaigh, caighdeáin a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2016/424 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 298, 19.11.2019, lch. 8, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2019/1923/oj).

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Eanáir 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Uimh.	Uimhir thagartha an chaighdeáin
1.	EN 1709:2019 Ceanglais sábháilteachta maidir le suiteálacha cábla-bhealaigh atá ceaptha chun daoine a iompar - Cigireacht réamhchoimisiúnithe agus treoracha maidir le cigireacht agus seiceálacha cothabhála agus oibriúcháin Srian: Léifear na tagairtí normatacha dá dtagraítear i bpointe 2 de chaighdeán comhchuibhithe EN 1709:2019 mar EN 1907:2017, EN 1908:2015, EN 1909:2017, EN 12397:2017, EN 12408:2004, EN 12927:2019, EN 12929:2015 (gach cuid), EN 12930:2015, EN 13107:2015, EN 13223:2015, EN 13243:2015, EN 13796:2017 (gach cuid)
2.	EN 1908:2015 Ceanglais sábháilteachta maidir le suiteálacha cábla-bhealaigh atá ceaptha chun daoine a iompar - Feistí feistiúcháin
3.	EN 1909:2017 Ceanglais sábháilteachta maidir le suiteálacha cábla-bhealaigh atá ceaptha chun daoine a iompar - Téarnamh agus aslonnú
4.	EN 12385-8:2002 Rópaí sreinge cruach - Sábháilteacht - Cuid 8: Rópaí sáinnithe tarraingthe agus iompair-tarraingthe maidir le suiteálacha cábla-bhealaigh atá ceaptha chun daoine a iompar
5.	EN 12385-9:2002 Rópaí sreinge cruach - Sábháilteacht - Cuid 9: Rópaí sáinnithe corna glasáilte le haghaidh suiteálacha cábla-bhealaigh atá ceaptha chun daoine a iompar
6.	EN 12927:2019 Ceanglais sábháilteachta maidir le suiteálacha cábla-bhealaigh atá ceaptha chun daoine a iompar - Rópaí Srian: Léifear na tagairtí normatacha dá dtagraítear i bpointe 2 de chaighdeán comhchuibhithe EN 12927:2019 mar EN 1559-2:2014, EN 1709:2019, EN 1907:2017, EN 1908:2015, EN 1909:2017, EN 10228-1:2016, EN 12385-2:2002+A1:2008, EN 12385-4:2002+A1:2008, EN 12385-8:2002, EN 12385-9:2002, EN 12397:2017, EN 12408:2004, EN 12929-1:2015, EN 12929-2:2015, EN 12930:2015, EN 13107:2015, EN 13223:2015, EN 13243:2015, EN 13411-2:2001+A1:2008, EN 13411-3:2004 +A1:2008, EN 13411-4:2002+A1:2008, EN 13411-5:2003+A1:2008, EN 13411-6:2004+A1:2008, EN 13411-7:2006+A1:2008, EN 13796-1:2017, EN 13796-2:2017, EN 13796-3:2017, EN ISO 148-1:2016, EN ISO 5579:2013, EN ISO 9554:2019, EN ISO 10547:2009
7.	EN 12929-1:2015+A1:2022 Ceanglais sábháilteachta maidir le suiteálacha cábla-bhealaigh atá ceaptha chun daoine a iompar - Ceanglais ghinearálta - Cuid 1: Ceanglais maidir le gach suiteáil
8.	EN 12929-2:2015+A1:2022 Ceanglais sábháilteachta maidir le suiteálacha cábla-bhealaigh atá ceaptha chun daoine a iompar - Ceanglais ghinearálta - Cuid 2: Ceanglais bhreise maidir le rópbhealaí aerga dhá chábla in-aisiompaithe gan coscáin trucaile iompair

Uimh.	Uimhir thagartha an chaighdeáin
	Srian: Léifear na tagairtí normatacha dá dtagraítear i bpointe 2 de chaighdeán comhchuibhithe EN 12929-2:2015+A1:2022 mar EN 1709:2019, EN 1907:2017, EN 1908:2015, EN 1909:2017, EN 12397:2017, EN 12408:2004, EN 12927:2019, EN 12929-1:2015+A1:2022, EN 12930:2015, EN 13107:2015/AC:2016, EN 13223:2015+A1:2022, EN 13243:2015, EN 13796-1:2017, EN 13796-2:2017 +A1:2022, EN 13796-3:2017+A1:2022
9.	EN 12930:2015 Ceanglais sábháilteachta maidir le suiteálacha cábla-bhealaigh atá ceaptha chun daoine a iompar - Ríomhanna
10.	EN 13107:2015 Ceanglais sábháilteachta maidir le suiteálacha cábla-bhealaigh atá ceaptha chun daoine a iompar - Oibreacha innealtóireachta sibhialta EN 13107:2015/AC:2016
11.	EN 13223:2015+A1:2022 Ceanglais sábháilteachta maidir le suiteálacha cábla-bhealaigh atá deartha chun daoine a iompar — Córais tiomána agus trealamh meicniúil eile
12.	EN 13243:2015 Ceanglais sábháilteachta maidir le suiteálacha cábla-bhealaigh atá deartha chun daoine a iompar - Trealamh leictreach seachas le haghaidh córais tiomána
13.	EN 13796-1:2017 Ceanglais sábháilteachta maidir le suiteálacha cábla-bhealaigh atá ceaptha chun daoine a iompar - Iompróirí - Cuid 1: Greamáin, trucailí iompair, coscáin ar bord, cábáin, cathaoireacha, carráistí, iompróirí cothabhála, crochadáin tarraingthe
14.	EN 13796-2:2017+A1:2022 Ceanglais sábháilteachta maidir le suiteálacha cábla-bhealaigh atá ceaptha chun daoine a iompar - Iompróirí - Cuid 2: Tástálacha ar fhrithsheasmhacht in aghaidh sleamhnaithe do ghreamáin
15.	EN 13796-3:2017+A1:2022 Ceanglais sábháilteachta maidir le suiteálacha cábla-bhealaigh atá ceaptha chun daoine a iompar - Iompróirí - Cuid 3: Tástáil tuirse
16.	EN 17064:2018 Ceanglais sábháilteachta maidir le suiteálacha cábla-bhealaigh atá ceaptha chun daoine a iompar - Dóiteán a chosc agus a chomhrac Srian: Léifear na tagairtí normatacha dá dtagraítear i bpointe 2 de chaighdeán comhchuibhithe EN 17064:2018 mar EN 1021-1:2014, EN 1021-2:2014, EN 1838:2013, EN 1907:2017, EN 12929-1:2015, EN 13243:2015, EN 13501-1:2007+A1:2009, EN 50172:2004, EN 50272-1:2010, EN 50272-2:2001, EN 60204-1:2006, EN 60695-11-10:2013, EN 61730-1:2007, EN 61730-2:2007, EN ISO 7010:2012, EN ISO 8528-13:2016

IARSCRÍBHINN II

Uimh.	Uimhir thagartha an chaighdeáin	Dáta an tarraingt siar
1.	EN 13223:2015 Ceanglais sábháilteachta maidir le suiteálacha cábla-bhealaigh atá ceaptha chun daoine a iompar - Córais tiomána agus trealamh meicniúil eile	23 Iúil 2025